DUGANNA AGUS TOGRAÍ SPEISIALTA

DUGANNA AGUS TOGRAÍ SPEISIALTA

RÉAMHRÁ

Ceann de phríomhaidhmeanna an Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (CASP) 2001-2020, atá ceadaithe ag an Straitéis Náisiúnta Spásúil (NSS), is ea Togra na nDuganna. Is dócha gurb é an togra seo an plean is uaillmhianaí riamh a cumadh do Chorcaigh.

Choimisinigh Comhairle na Cathrach Straitéis na nDuganna chun an próiséas athnuachana seo a threorú agus bunaíodh Stiúrthóireacht na nDuganna chun an togra a mholadh, a éascú agus a thiomsú.

Is é an ról atá againn ná a chinntiú go bhfuil an creatlach ceart polasaí ann chun forbairt den scoth a éascú agus chun a chinntiú go bpléitear le haon easnamh infreastruchtúir go luath agus go héifeachtach.

Beidh páirt mhór ag comhoibriú le páirtithe leasmhara, infheisteoirí, úinéirí talún 7rl maraon le himeachtaí bolscaireachta inár gcuid iarrachtaí forbairt a thiomsú.

Tá baint againn freisin le tograí eile de réir mar a shannann Bainisteoir na Cathrach iad.

SPRIOC CHORPORÁIDEACH 1

FORBAIRT NA CATHRACH

Cinnteoidh Comhairle Cathrach Chorcaí forbairt eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus timpeallachta Chorcaí ar bhealach inbhuanaithe i gcomhpháirt le gnóthaí agus pobail áitiúla.

Is iad seo na haidhmeanna atá againn:

- Cothú, stiúradh agus éascú fhorbairt na nDuganna chun ceantar cathrach nua d'ardchaighdeán a chruthú, áit a mbeidh rath ar dhaoine, tráchtáil, eolas agus nuálaíocht, ag tacú le huaillmhian Chorcaí mar chathair mhuiníneach iomaíoch sa 21ú Céad.
- Forbairt Dhuganna Chorcaí a chothú agus deiseanna infheistíochta a fháil.
- Creatlach láidir pleanála a chur i bhfeidhm chun forbairt mhaith, inbhuanaithe agus cuimsitheach go sóisialta a cheadú,
- Treoir agus cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí agus úinéirí talún atá in ann gníomhú de réir mar a athraíonn an margadh.
- A chinntiú go bhfuil infreastruchtúir ann go tráthúl agus go héifeachtach chun forbairt na nDuganna a éascú.
- Obair go gníomhach ar phríomhthograí (mar a thugtar don stiúrthóireacht iad) a chuideoidh le sroichint spriocanna corporáideacha Chomhairle na Cathrach.

Bainfimid na haidhmeanna seo amach mar seo a leanas:

- Cnuasach de ghníomhartha a aithint atá riachtanach d'fhorbairt na nDuganna. Beidh an Stiúrthóireacht i gceannas orthu seo chun aidhmeanna an Phlean Corporáideach a bhaint amach.
- Creatlach a leagan amach go foirmeálta chun príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt isteach, scrúdú ar ár dtimpeallacht chun na bunchoinníollacha a aithint a mheallfaidh infheistíochta agus obair le páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha chun iad seo a chruthú sna Duganna.
- Feidhmiú mar nasc ag úsáideoirí/infheistoirí le foirgnimh, talamh agus úinéirí talún trí ghaol a chruthú le húinéirí talún atá ann cheana agus úsáideoirí/infheistoirí feiliúnacha a lorg.
- Naisc láidre a chruthú le Ranna Rialtais, eagrais ar nós an I.D.A. agus Enterprise Ireland, agus na hinstitiúidí triú-leibhéal chun infheistíocht a fháil, na duganna a chur ar a gclár oibre, na duganna a chur chun cinn mar láthair, agus sár-dheiseanna a ainmniú.
- Naisc a bhunú le heagraíochtaí/grúpaí sóisialta, ealaíona agus cultúrtha chun deiseanna infheistíochta a aithint, na duganna a chur ar an gclár oibre acu agus gníomhartha cuí na ngrúpaí sin a éascú.
- Rannpháirtíocht i seimineáir, comhdhálacha, cur i láthair do phríomhpháirtithe leasmhara agus an pobal go ginearálta agus dea-phoiblíocht agus fógraíocht a ghineadh.
- Plean Áitiúil a ullmhú dos na Duganna Theas chun cur leis an gcreatlach atá ann cheana, aghaidh a thabhairt ar bhacanna forbartha agus soiléireacht agus cinnteacht a fheabhsú.
- Ag obair le Stiúrthóireacht Pleanála chun Plean Áitiúil do na Duganna Thuaidh a ullmhú.
- Ag obair le Stiúrthóireacht Pleanála ar thús le hullmhú an chéad Plean Forbartha Cathrach eile.
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éileamh ón mhargadh, ó infheisteoirí agus ó úsáideoirí agus ar dhea-chleachtas chun a chinntiú go bhfuil an creatlach pholasaí in oiriúint chun aidhmeanna na Stiúrthóireachta a bhaint amach.
- Riachtanais a aithint agus a chur in ord tosaíochta, maoiniú a lorg agus, i bhfoirne tras-feidhme, ag obair le Stiúrthóireachtaí éagsúla de hÚdaráis Áitiúla agus Ranna Rialtais, chun an plean a chur i bhfeidhm.

Athbhreithniú: Déanfaimid dul chun cinn a mheas mar seo a leanas:

- Gníomhartha Fhoireann na Stiúrthóireachta.
- Ábhar bolscaireachta a fhoilsiú agus a scaipeadh.
- Leibhéal na n-iarratas pleanála i gceantar na nDuganna.
- Leibhéal forbartha i gceantar na nDuganna.
- Pleananna a ullmhú agus a fhoilsiú.
- Rannpháirtíocht i gcainteanna réamh-phleanála.
- Cruinnithe le Stiúrthóireachtaí eile agus páirtithe leasmhara.
- Scéimeanna curtha i gcrích
- Tuairiscí críochnaithe